**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
State Examinations Commission
Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 TP65
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath, N37 TP65

Teileafón: +353-90-644 2745. Gréasán: www.examinations.ie.

**S12/24**

**Scrúduithe na hArdteistiméireachta (Seanbhunaithe), 2024; Béaltrialacha sa Ghaeilge agus sna Nuatheangacha Iasachta**

**CHUIG NA BOIRD BHAINISTÍOCHTA SCOILEANNA DARA LEIBHÉAL AGUS PRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH NA BOOanna AGUS BAINISTÍOCHT IONAD OIDEACHAIS EILE A BHFUIL SCRÚDUITHE NA hARDTEISTIMÉIREACHTA Á gCUR AR FÁIL ACU IN 2024**

D'Ardteisitiméireacht (Sheanbhunaithe) 2024, beidh na béaltrialacha á reáchtáil as Gaeilge, Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis, Spáinnis, Seapáinis, Rúisis, Mandairínis, Polainnis, Liotuáinis agus Portaingéilis.

I gCiorclán **S84/23,** atá ar fáil (ANSEO), fógraíodh an t-am le Béaltrialacha na hArdteistiméireachta a sheachadadh d'Ardteistiméireacht 2024.

Is é aidhm an chiorcláin seo tuilleadh sonraí a chur ar fáil d'údaráis scoileanna maidir leis na socruithe le béaltrialacha na hArdteistiméireachta a reáchtáil agus chun treoracha a chur ar fáil maidir le cad is gá do scoileanna a dhéanamh anois. Iarrtar ort d'aire a thabhairt ar a bhfuil sa chiorclán seo agus é a chur faoi bhráid an phearsanra ábhartha i do scoil.

Mar a fógraíodh roimhe seo, beidh na trialacha seo á reáchtáil ar feadh bliana eile i rith na chéad seachtaine de thréimhse shaoire na Cásca go dtí go ndéanfar athbhreithniú iomlán ar am na mbéaltrialacha. Le haghaidh 2024, is iad na dátaí ábhartha **Dé Sathairn an 23 Márta go dtí Déardaoin an 28 Márta, 2024,** agus an dá dháta sin san áireamh.

Tá cúlra na socruithe i mbliana mar a leanas;

- Roimh an bpaindéim cuireadh Béaltrialacha na hArdteistiméireachta ar siúl in aon bhliain ar bith **roimh** nó **tar éis** laethanta saoire na Cásca, ag brath ar a luaithe nó a dhéanaí ar thit an Cháisc sa bhliain sin.

- Den chéad uair in 2022, cuireadh scrúduithe Béaltrialacha na hArdteistiméireachta ar siúl lasmuigh d'am scoile, thar an chéad seachtain de laethanta saoire na scoile am Cásca. Rinneadh an t-athrú amaithe seo mar fhreagra ar an ngá le céim a thógáil neamhláithreacht múinteora ó scoileanna a theorannú i gcomhthéacs na ndúshlán a bhaineann le hionadaithe a fháil. Bhí sé i gceist aon chur isteach eile ar mhúineadh agus ar fhoghlaim i scoileanna a laghdú agus go háirithe do na hiarrthóirí sin a bhí ag ullmhú dá scrúduithe.

- I ndiaidh réamh-athbhreithniú, rinne an CSS síniú bliain amháin eile ar na socruithe a bhí ann in 2022 do na scrúduithe Béaltrialach sa Ghaeilge agus sna Nua-Theangacha Iasachta d'Ardteistiméireacht 2023.

- In 2023 bhí ar a gcumas na scrúduithe sin a sheachadadh i gcomhair na n-iarrthóirí ar fad laistigh de thréimhse saoire na Cásca, mar gheall ar an bhfreagra dearfach ar iarrachtaí earcaithe an CSS. Mar sin féin, tá an CSS ar an eolas faoi thuairimí éagsúla na bpairtithe leasmhara faoi amú na scrúduithe sin ag an gCáisc 2023 agus in am scoile freisin roimh an bpaindéim.

- Tá meastúchán i bhfad níos fairsinge d'amú na scrúduithe seo ar siúl ag an CSS, a bhfuil na páirtithe leasmhara ar fad bainteach leo, ionas go ndéanfar measúnú iomlán ar na ceisteanna a bhaineann le hamú na scrúduithe Béaltrialach. Mar ionchur don mheasúnú, chuaigh an CSS i ngleic le hOllscoil na Gaillimhe tabhairt faoi thaighde chun tuairimí tuismitheora, mac léinn, múinteora, scrudaitheora agus ceannaireacht scoile a iniúchadh faoi amú na scrúduithe seo.

- Nuair a bheidh an próiseas measúnaithe níos fairsinge curtha i gcrích, cuirfidh an CSS comhairle ar fáil don Aire ar amú scrúduithe Bealtrialach na hArdteistiméireachta amach anseo.

- Ag an am seo, tá an obair seo ag dul ar aghaidh. Ionas go mbeidh an córas féin cinnte faoi, agus na hiarrthóirí san áireamh atá ag ullmhú don Ardteistiméireacht 2024, creideann an CSS go b'fhearr an t-amú i saoire na Cásca a shíneadh i gcomhair bliain amháin eile.

Tá an CSS fíor-bhuíoch as an gcomhoibriú a fhaigheann sé ó na mílte múinteoirí gach bliain tabhairt faoin obair ríthábhachtach scrúdúcháin. Ar ndóigh tá ceannairí scoile ar an eolas faoi na dúshláin le blianta beaga anuas in earcú agus i gcoinneáil múinteoirí mar scrúdaitheoirí Béaltrialach agus ar an tionchar a bhíonn ag an nganntanas scrúdaitheoirí ar an gcóras.

Tá aidhm againn líon na múinteoirí a dhéanann obair scrúdúcháin a mhéadú go mór ionas go mbeidh taithí dhearfach acu a fheabhsaíonn inniúlacht ghairmiúil muinteora agus cumhacht tuillimh chomh maith. Tá muid ag iarraidh arís ar cheannairí scoile tacú go gníomhach lenár n-iarrachtaí earcaíochta i mbliana chun luach na rólanna scrúdúcháin do na Scrúduithe Stáit a chur chun cinn le d'fhoireann lena n-áirítear cáilíochht a gcuid múinteoireachta a fhorbairt chomh maith lena n-inniúlacht sa mheasúnú. Beidh cabhair ghníomhach agus tacaíocht ó chóras scoileanna dar leibhéal á lorg ón CSS lena chinntiú go mbeidh go leor scrúdaitheoirí ar fáil chun na scrúduithe seo a láimhseáil in 2024. Tá súil againn, go háirithe, nach mbeidh an scoileadh scrúdaitheoirí ón scoil i gcomhair comhdháileacha oiliúna aon-lae, nach mbeidh sé ina chosc ar rannpháirtíocht.

**Tacaíocht Thréadach d'Iarrthóirí**

Beidh cúig lá Cúntóir Scrúduithe ar fáil do scrúduithe 2024 ionas go bhféadfaidh údaráis scoileanna ball foirne a cheapadh chun tacaíocht thréadach a sholáthar d'iarrthóirí lena chinntiú go bhfreastalóidh siad ag an am seachadta na mbéaltrialach thar thréimhse na saoire Cásca.

## 1. EOLAS GINEARÁLTA MAIDIR LEIS NA BÉALTRIALACHA A REÁCHTÁIL

Sa chuid seo, tá eolas tábhachtach duit maidir le feidhmiú na dtrialacha;

- Reáchtálfaidh scrúdaitheoirí ar cuairt na scrúduithe, a dhéanfaidh an CSS a earcú, a chur faoi oiliúint agus a cheapadh le haghaidh scoileanna.

- Tabharfar scoil nó liosta scoileanna do scrúdaitheoirí ina ndéanfaidh siad na Béaltrialacha a sheachadadh i rith na tréimhse scrúdaithe sonraithe.

- Ón gCéadaoin, 28 Feabhra, beidh na scrúduitheoirí ainmnithe i dteagmháil leis na scoileanna atá tugtha dóibh chun iad a chur ar an eolas faoi na laethanta atá beartaithe acu cuairt a thabhairt ar an scoil leis na scrúduithe a sheachadadh agus líon na n-iarrthóirí a ndéanfaidh siad scrúdú orthu gach lá.

- Tá plean 5 lá iomlán tugtha don chuid is mó de na scrúdaitheoirí (sa tréimhse ó Dé Sathairn 23 Márta go dtí Déardaoin 28 Márta, an dá dháta sin san áireamh) chun na scoileanna uile atá tugtha dóibh a chlúdach. Cuireann sé seo srian mór ar a solúbthacht. Is mór againn do chomhoibriú maidir le freastal ar scrúdaitheoirí ar na laethanta áirithe a bhfuil sé i gceist acu cuairt a thabhairt ar an scoil.

- Tugadh treoir do scrúduitheoirí gan níos mó ná líon socraithe iarrthóirí a scrúdú gach lá. Cuirfear na scrúduithe ar fáil le linn na ngnáthuaireanta de lá scoile iomlán, chomh fada agus is féidir.

- Ós rud é go bhfuil na scrúduithe ar fad á gcur ar fáil sa spás ama measúnaithe céanna, tá seans mór ann go mbeidh gá le freastal ar líon scrúdaitheoirí ar an lá céanna i do scoil.

- Iarrtar ar scoileanna an tionchar a bheidh ag an sceidealú ar iarrthóirí a thuiscint, go háirithe iad siúd a bhfuil iontráil déanta ina leith le haghaidh na mbéaltrialacha i dteangacha éagsúla. Féach Cuid 4 thíos.

- Ba chóir go mbeadh Cúntóir Scrúdaithe ainmnithe ceaptha chun déileáil leis na Béaltrialacha agus chun gníomhú mar an comhordaitheoir agus mar an príomhtheagmhálaí le haghaidh na scrúduithe seo. (Féach Cuid 2 thíos maidir le tacaíochtaí do scoileanna).

- Ba chóir uimhir theagmhála lasmuigh d'uaireanta scoile don Chúntóir Scrúdaithe le haghaidh na mBéaltrialacha a chur ar fáil do na scrúdaitheoirí i gcás go mbeadh orthu teagmháil a dhéanamh de bharr fadhbanna éigeandála ag teacht chun cinn i rith na scrúduithe. Tabharfar treoir freisin do scrúdaitheoirí a sonraí teagmhála a chur ar fáil don scoil.

**Úsáid Laethanta Teagmhais**

Beidh úsáid laethanta teagmhais faoi réir réimse coinníollacha agus ní mór cead a lorg ón CSS;

- Tá Dé Céadaoin 17 agus Déardaoin 18 Aibreán 2024 aitheanta mar laethanta teagmhais. Má dhéantar na scrúduithe a reáchtáil ar na laethanta seo, beidh gá leis an scrúdaitheoir a scaoileadh óna scoil féin chun na scrúduithe a sheachadadh ar na laethanta teagmhais seo; dá bhrí sin, ní chuirfear úsáid na laethanta seo san áireamh ach amháin sna cásanna is eisceachtúla.

- Ní faoi rogha na scrúdaitheoirí scrúduithe a eagrú ar na laethanta seo.

- Ní mór do scoileanna ar leith teagmháil a dhéanamh leis an CSS maidir le scrúduithe a eagrú ar na laethanta seo.

- Ní eagrófar scrúduithe ar na laethanta seo ach amháin i gcásanna eisceachtúla má tá fadhb ann ann nach bhfuil neart ag an iarrthóir agus ag an scoil uirthi.

- Déanfaidh an CSS cinntí maidir leis na laethanta teagmhais seo a úsáid áit ina raibh cásanna eisceachtúla agus neamhghnácha i gceist, ina bhfuil gá leis na scrúduithe a sceidealú ar lá /laethanta teagmhais.

- Beidh ar an CSS a bheith sásta nach bhfuil sé indéanta na scrúduithe a reáchtáil gan úsáid a bhaint as lá /laethanta teagmhais.

**Eolas ar leith maidir le Béaltriail na Gaeilge, Comhleibhéal, de chuid na hArdteistiméireachta, 2024**
*Cuir an méid seo a leanas faoi bhráid na n-iarrthóirí.*

**Roinn 4:** An tSraith Pictiúr

I gcomhréir leis an doiciméad, *Socruithe Measúnaithe do Scrúduithe na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméíreachta, 2024*, beidh 10 Sraith Pictiúr ullmhaithe ag an iarrthóir as an 20 Sraith Pictiúr, 2024. Ní mór don iarrthóir liosta na dteideal de na 10 Sraith Pictiúr atá ullmhaithe aige/aici a thabhairt don scrúdaitheoir ag tús a b(h)éaltrialach. Ag tús Roinn 4: An tSraith Pictiúr, iarrfar ar an iarrthóir Sraith Pictiúr amháin a roghnú go randamach as an 20 Sraith Pictiúr. Má tá teideal na Sraithe Pictiúr sin ar a liosta, coinneoidh sé/sí an tSraith Pictiúr sin. Mura bhfuil an tSraith Pictiúr roghnaithe ar liosta an iarrthóra, beidh cead ag an iarrthóir Sraith Pictiúr eile a roghnú go dtí go roghnaítear Sraith Pictiúr atá ar liosta an iarrthóra.

## 2. TACAÍOCHT DO SCOILEANNA

Cuireann an CSS tacaíocht airgeadais ar fáil do scoileanna i riarachán scrúduithe bliantúla na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta. Faoin scéim reatha, tá an rogha a údaráis scoileanna Cúntóir Scrúdaithe a cheapadh ar feadh tréimhse ama 15 lá in aghaidh na bliana chun cuidiú leis an bPríomhoide i rith na scrúduithe stáit nó le hionadú iomlán a dhéanamh ar an bPríomhoide mura bhfuil sé/sí ar fáil ar chúis éigin. Tá laethanta breise ar fáil do scoileanna freisin bunaithe ar líon na n-iarrthóirí scrúdaithe agus ar fhad ama an tráthchláir sa scoil sin. Tá na Cúntóirí Scrúdaithe le húsáid le haghaidh na scrúduithe scríofa agus na gcomhpháirteanna measúnaithe ábhartha araon.

Mar a tharla in 2023, mar aitheantas ar an ualach oibre athraithe a bhaineann leis an tsamhail soláthair seo de chuid na Cásca, beidh 8 lá Cúntóra Scrúdaithe sa bhreis ar fáil do scoileanna le 120 iarrthóir nó níos lú de chuid na hArdteistiméireachta agus beidh 10 lá ar fáil do scoileanna a bhfuil níos mó ná 120 iarrthóir de chuid na hArdteistiméireachta acu.

Tá sé i gceist go mbeidh soláthar na laethanta Cúntóra Scrúdaithe sa bhreis mar thacaíocht do na ceannairí scoile i rith am na scrúduithe ionas gur féidir roinnt den ualach a bhaineann leis na scrúduithe a mhaolú. **Ní gá go mbeadh Príomhoidí ag freastal ar an scoil ar na laethanta seo i rith shaoire na Cásca agus tá an t-údarás acu ball den fhoireann teagaisc a cheapadh chun na laethanta Cúntóra Scrúdaithe a scaoileadh i dtaca leis na scrúduithe seo.**

Chomh maith leis an gCúntóir Scrúduithe a chuirtear ar fáil le haghaidh reáchtáil na mBéaltrialacha, tá acmhainn eile tugtha isteach ag an CSS d'údaráis scoileanna lle haghaidh scrúduithe Béaltrialacha 2024.
Beidh cúig lá Cúntóir Scrúduithe ar fáil ionas go bhféadfaidh údaráis scoileanna ball foirne a cheapadh chun tacaíocht thréadach a sholáthar d'iarrthóirí lena chinntiú go bhfreastalóidh siad ag an am seachadta na mbéaltrialach thar thréimhse na saoire Cásca.

Tá an Tacaíocht Thréadach ann chomh maith leis an gCúntóir Scrúduithe a cureadh ar fáil le haghaidh reachtáil na mbéaltrialacha. Mar aon leis na socruithe ginearálta do mhúnla an Chúntóir Scrúduithe, fágtar an cinneadh leis an bpríomhoide maidir leis an duine a cheaptar. Agus na ceapúcháin faoi mheas ba chóir do phríomhoidí scoile a thabhairt faoi deara:

- Tá ról mar thacaíocht thréadaí scartha ó ról an Chúntóir Scrúduithe.
- Beidh an duine a dhéanann ról mar thacaíocht thréadaí ag ionadaíocht don phríomhoide.
- Tá an duine seo in áit oiriúnach chun cabhair agus tacaíocht a thabhairt do mhic léinn agus bainistíocht ar an bhfreastal san áireamh, in aimsir na mBealrialacha thar thréimhse saoire na Cásca.
- Sa chomhthéacs seo, beifear ar súil go ndéanfaidh an duine seo monatóireacht ar fhreastal na n-iarrthóirí thar thréimhse na mBéaltrialacha.
- Leanfaidh an duine seo suas i gcásanna nuair nár fhreastail iarrthóirí ar na Béaltrialacha.

Beifear ag súil go gcuirfidh an duine seo atá roghnaithe don ról é /í féin in aithne do na hiarrthóirí I do scoil sula dtosaíonn na scrúduithe ionas go bhfeadfaidh na hiarrthóirí dul I dteagmhail leo nuair is gá.

Aisíocfaidh an CSS costais bhreise réasúnta a tabhaítear go sonrach i dtaca le solas, teas, glantachán, feighlíocht laistigh de scoileanna, a bhaineann leis na Béaltrialacha a bheidh ar siúl i rith shaoire na Cásca.

Le tinreamh na n-iarrthóirí a bhraitheann ar an scéim iompair scoile a éascú, iarrfar ar scoileanna seirbhísí tacsaí a eagrú le haghaidh imeachtaí na scrúduithe i rith shaoire na Cásca más gá agus na costais a fháil ar ais ón CSS. Iarrtar ar scoileanna tinreamh na n-iarrthóirí a úsáideann seirbhísí tacsaí a éascú sna cásanna srianta seo a leanas. Ní mór don iarrthóir:

- a bheith incháilithe d'iompar scoile faoi théarmaí Scéim Iompair Scoile na Roinne agus
- a bheith ag baint úsáid as an iompar scoile sa scoilbhliain reatha nach mbeidh seirbhísí iompair ar fáil dó/di i rith thréimhse shaoire na Cásca
- a bheith ag freastal ar imeacht scrúdaithe i rith na tréimhse seo.

Aisíocfaidh an CSS scoileanna do chostais réasúnta dá leithéid seirbhísí má chuirtear admhálacha bailí ar fáil.

Eiseofar sonraí iomlána maidir leis na tacaíochtaí atá ar fáil do scoileanna i mbliana chun tacú le reáchtáil ghnéithe uile na scrúduithe, lena n-áirítear conas éileamh a dhéanamh, in am is i dtráth.

## 3. LIOSTA ORD FIÚNTAIS DO NA BÉALTRIALACHA

I gcomhréir le gnáthchleachtas an CSS sna Béaltrialacha, is gá liosta Ord Fiúntais a ullmhú a thaispeánann meastachán na scoile d'inniúlacht béaltrialach gach iarrthóra. Ní bheidh sé seo ag teastáil ach i gcásanna eisceachtúla mura féidir teacht ar thaifeadadh de bhéaltriail iarrthóra. Le

hullmhúchán an liosta Ord Fiúntais a éascú, tá cóipeanna d'fhoirm ML10/BT10 ar fáil anseo. Ba chóir d'údaráis scoileanna a chinntiú go bhfuil foirmeacha ML10/BT 10 comhlánaithe ag am na mbéaltrialacha agus go gcoinnítear iad sna scoileanna. Má bhíonn an fhoirm seo ag teastáil ón CSS beimid i dteagmháil leat chun iarraidh ort í a chur isteach. **Níor chóir na foirmeacha a chur mar ghnáthchleachtas chuig an CSS ná níor chóir iad a thabhairt do na scrúdaitheoirí.**

Bain úsáid as foirm ar leith do gach teanga le do thoil.

Cuir ainmneacha na ndaltaí i ngach rang Ardteistiméireachta ar na foirmeacha iniata in ord fiúntais de réir mheastachán na scoile ar an inniúlacht le do thoil. Agus foirmeacha ML10/BT10 á gcomhlánú, bain úsáid as na siombailí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| A.L. = Ardleibhéal | G.L. = Gnáthleibhéal |
| B.L. = Bonnleibhéal | M = Rang Measctha |

Níl ag teastáil ach Ord Fiúntais; ná bronn aon mharcanna.

## 4. ORD IONTRÁLA NA nIARRTHÓIRÍ (NA BÉALTRIALACHA).

Nuair a thagann siad chuig an scoil an chéad lá dá bpost, ba chóir liosta a thabhairt do na scrúdaitheoirí a thaispeánann an t-ord ina mbeidh na hiarrthóirí i láthair do na scrúduithe. Beidh eolas tugtha roimh ré ag na scrúdaitheoirí don scoil maidir le líon na n-iarrthóirí a ndéanfaidh siad scrúdú orthu gach lá. Dá bhrí sin, ní féidir le haon tráthchlár a dhéanann an scoil ach a bheith mar mheastachán. Cé go ndéanfar gach iarracht na scrúduithe a reáchtáil chomh gar agus is féidir leis an am atá sonraithe, tá sé an-tábhachtach go mbeadh iarrthóirí ar an eolas go bhfuil seans ann nach ndéanfar iad a scrúdú ag an am sonraithe sin.

Más féidir, ba chóir smaoineamh faoi na hiarrthóirí atá le níos mó ná scrúdú amháin a dhéanamh. Agus na scrúduithe á sceidealú, ba chóir don Chúntóir Scrúdaithe iarracht a dhéanamh cásanna a sheachaint ina mbeidh dhá scrúdú á ndéanamh ag iarrthóir in aon lá amháin, agus a thabhairt faoi deara go bhfuil seans ann nach mbeidh sé seo indéanta. Níor chóir, i gcás ar bith, go mbeadh sé beartaithe go ndéanfadh iarrthóir níos mó ná dhá scrúdú a dhéanamh in aon lá amháin.

## 5. NA BÉALTRIALACHA A THAIFEADADH

Bainfear úsáid as Taifeadáin Gutha Dhigiteacha (DVRanna) leis na béaltrialacha a thaifeadadh i ngach teanga. Cuirfear an trealamh atá ag teastáil uathu do na scrúdaitheoirí chun taifeadadh a dhéanamh ar gach scrúdú le húsáid níos déanaí ar nós monatóireacht a dhéanamh chun críocha dearbhú cáilíochta agus achomharc. Tá cosc ar scoileanna agus iarrthóirí óna dtaifeadtaí féin a dhéanamh (Féach nóta 10 thíos).

## 6. AG FREASTAL AR NA BÉALTRIALACHA

Nuair a thagann sé/sí chuig an scoil an chéad lá dá p(h)ost, ba chóir go n-iarrfar ar an scrúdaitheoir cruthúnas aitheantais a chur ar fáil. Ba chóir iarraidh ar aon scrúdaitheoirí comhairleacha ón CSS a thugann cuairt ar an scoil cruthúnas aitheantais a chur ar fáil freisin.

D’fhéadfadh scrúdaitheoirí comhairleacha cuairt a thabhairt ar an scoil i rith thréimhse an phoist chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt d’obair an scrúdaitheora. Beidh gá leo a bheith i láthair sa seomra i rith na scrúduithe mar gheall air seo.

Is féidir leis an mBainisteoir/leis an bPríomhoide (nó a (h)ionadaí ata ceaptha), i gcásanna eisceachtúla ar threoir ón CSS, a bheith i láthair i rith na scrúduithe.

Táthar ag súil freisin go bhfanfaidh an Cúntóir Scrúdaithe i láthair sa limistéar, de réir mar is cuí, i rith na scrúduithe seo.

## 7.TINNEAS, AISTRITHE AGUS IARRTHÓIRÍ SEACHTRACHA

### 7.1 Iarrthóir as láthair de bharr tinnis/go bhfuair duine muinteartha leis/léi bás

Tá sé i gceist scrúduithe déanacha a thionscnamh ón Luan 13 go dtí Aoine 17 Bealtaine 2024 le haghaidh cásanna ina raibh iarrthóir as láthair de bharr tinnis nó go bhfuair duine muinteartha leis/léi bás, mar shampla, ag an am a reáchtáladh na scrúduithe. Níor chóir teastais dochtúra ná doiciméid cosúil leis sin a thabhairt don scrúdaitheoir.

Ní mór iarratas dá leithéid de shocruithe a bheith déanta ag údaráis na scoileanna agus ní mór fianaise dochtúra a bheith in éineacht leis agus an CSS a shroicheadh ar nó roimh 12 Aibreán 2024, ag baint úsáid as an bhFoirm Iarratais Dhéanach, a bheidh ar fáil ar ár suíomh gréasáin www.examinations.ie faoin gcuid maidir le hEolas faoi Scrúduithe, roimh **22 Márta 2024**.

Ní bheifear in ann socruithe eile a dhéanamh d’aon iarrthóir seachas na socruithe sin atá luaite thuas. Is gá go mbeidh teastas dochtúra ann i ngach cás.

### 7.2 Aistriú Iarrthóirí

Ba chóir Rannóg Béaltrialacha an CSS a chur ar an eolas láithreach bonn maidir le hiarrthóir ar bith atá ag aistriú ó, nó go dtí, do scoil agus ba chóir an t-ainm agus uimhir an iarrthóra agus sonraí na scoile eile a thabhairt.

### 7.3 Iarrthóirí Seachtracha

Éilíonn an CSS go mbeadh cead roimh ré faighte ag na hiarrthóirí uile nach bhfuil ag freastal ar do scoil agus ar mhian leo freastal uirthi chun críche na scrúduithe. Ar an tuiscint go bhfaighfear a leithéid de chead, déanfaidh an CSS na socruithe cuí leis na hiarrthóirí atá i gceist.

## 8. SCRÚDAITHEOIRÍ ÁBHAIR IOMADÚLA SA SCOIL CHÉANNA

Má tá beirt (nó níos mó) scrúdaitheoirí don teanga chéanna ceaptha do scoil amháin, caithfidh iarrthóirí dul chuig an scrúdaitheoir ar ceapadh é/í dóibh le haghaidh an scrúdaithe.

**9. CRUINNIÚ GRÚPA LE hIARRTHÓIRÍ**

I bhfianaise na socruithe leasaithe leis na scrúduithe seo a sheachadadh lasmuigh d'am scoile i rith shaoire na Cásca, níl sé indéanta an gnáthchruinniú grúpa a eagrú le hiarrthóirí roimh thús na scrúduithe. Tá eolas maidir le Béaltrialacha 2024 ar fáil ar shuíomh gréasáin an CSS ag www.examinations.ie. Moltar duit a chinntiú go gcuirtear an t-eolas seo faoi bhráid na n-iarrthóirí uile roimh na scrúduithe.

**10. FÓIN PHÓCA/GLÉASANNA TAIFEADTA/LEICTREONACHA**

Ba chóir d'údarás na scoile treoir a thabhairt d'iarrthóirí go bhfuil cosc ar **fhóin phóca agus/nó gléasanna taifeadta/leictreonacha eile, seachas gléas taifeadta an scrúdaitheora** sa seomra scrúdaithe agus is gá a leithéid de ghléasanna a fhágáil lasmuigh.

**11. SOCRUITHE RÉASÚNTA**

Nuair a thagann na scrúdaitheoirí ba chóir na sonraí a chur ar fáil dóibh maidir le haon iarrthóir a bhfuil lagú amhairc, urlabhara nó éisteachta aige/aici. Ba chóir iad a chur ar an eolas freisin maidir le haon chúinsí ar leith inar tugadh socruithe réasúnta d'iarrthóirí chun rochtain a dhéanamh ar na scrúduithe seo faoi scéim na Socruithe Réasúnta, lena n-áirítear iad siúd ina mbeadh gá le tacaíocht ó dhuine sa bhreis i rith na scrúduithe. Moltar do scoileanna gur féidir leo bearta praiticiúla a chur i bhfeidhm ar nós an t-iarrthóir/na hiarrthóirí a chur sa tráthchlár san ord deiridh iontrála.

**12. RÚNDACHT THORTHAÍ NA mBÉALTRIALACHA**

Beidh na scrúduithe á reáchtáil go hiomlán ag na scrúdaitheoirí a dhéanfaidh cinneadh maidir leis na marcanna atá le tabhairt do na hiarrthóirí, faoi réir mhonatóireacht an CSS. Tá na marcanna a thugtar go hiomlán faoi rún agus ní féidir iad a chur in iúl ach amháin don CSS. Cuirtear in iúl do scoileanna go bhfuil dianchosc ar na Scrúdaitheoirí agus ar na Scrúdaitheoirí Comhairleacha ó eolas ar bith a nochtadh maidir le feidhmíocht na n-iarrthóirí sna béaltrialacha. Dá bhrí sin, níor chóir fiafraí de scrúdaitheoirí maidir le feidhmíocht na n-iarrthóirí.

**13. FIOSRUITHE**

Má tá aon ábhair imní ann maidir leis na scrúduithe seo, ba chóir do Bhainistíocht na Scoile nó a (h)ionadaí ceaptha iad a chur in iúl go díreach chuin an Rannóg Béaltrialacha nó Trialacha Praicticiúla den CSS a luaithe a thagann siad chun solais.

Ba chóir fiosruithe a bhaineann leis na béaltrialacha a chur ar ríomhphost chuig orals@examinations.ie nó trí ghlaoch a chur ar 090 6442741.

Tugtar faoi deara go bhféadfadh saincheisteanna nó ábhair imní nach rabhthas ag súil leo teacht chun cinn i rith na tréimhse a bheidh na scrúduithe seo ar siúl. I rith an spáis ama seo leis an scrúduithe seo a reáchtáil, beidh baill foirne den CSS ar fáil chun tabhairt faoi na saincheisteanna seo de réir mar agus nuair a thagann siad chun cinn.

**Richard Dolan**
**Stiúrthóir Oibríochtaí**
**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
**Feabhra 2024**